# Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

**Ainm an táirge:** Product

**Cineál nó cineálacha táirge:**

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

**Uimhir an údaraithe:** EU-0024324-0000

**Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3:** EU-0024324-0003

## Clár Ábhar


FAISNÉIS RIARACHÁIN 1

1.1. Trádainmneacha an táirge 1

1.2. Sealbhóir an údaraithe 1

1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha 1

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha 1

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE 2

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh 2

2.2. Cineál foirmlithe 2

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM 2

4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE 3

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE 9

5.1. Treoracha úsáide 9

5.2. Bearta maolaithe riosca 9

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint 10

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte 10

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála 10

6. FAISNÉIS EILE 10

## FAISNÉIS RIARACHÁIN

### 1.1. Trádainmneacha an táirge

| |
|---|
| DEC-AHOL® WFI Formula<br><br>DEC-AHOL® ASEPTI-CLEANSE |

### 1.2. Sealbhóir an údaraithe

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe** | Ainm | Veltek Associates Inc. Europe |
| | Seoladh | Rozengaard 1940 8212DT Lelystad An Ísiltír |
| **Uimhir an údaraithe** | EU-0024324-0000 1-3 | |

| | |
|---|---|
| **Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3** | EU-0024324-0003 |
| **Dáta an údaraithe** | 20/04/2021 |
| **Dáta éaga an údaraithe** | 31/03/2031 |

### 1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

| | |
|---|---|
| **Ainm an déantóra** | Veltek Associates, Inc., |
| **Seoladh an déantóra** | 15 Lee Blvd. PA19355 Malvern Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | 15 Lee Blvd. PA19355 Malvern Stáit Aontaithe Mheiriceá |

### 1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

| | |
|---|---|
| **Substaint ghníomhach** | 1355 - Propan-2-ol |
| **Ainm an déantóra** | Exxon Mobil Chemical Company |
| **Seoladh an déantóra** | 4045 Scenic Hwy, Baton Rouge, LA 70805 Louisiana Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | 4045 Scenic Hwy, Baton Rouge, LA 70805 Louisiana Stáit Aontaithe Mheiriceá |

## 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| Propan-2-ol | | Substaint Ghníomhach | 67-63-0 | 200-661-7 | 65,4 |

### 2.2. Cineál foirmlithe

| |
|---|
| AL - Aon leacht eile |

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

| | |
|---|---|
| **Ráitis ghuaise** | Leacht agus gal an-inlasta.<br><br>Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.<br><br>D’fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán.<br><br>D’fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn. |
| **Ráitis réamhchúraim** | Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac.<br><br>Coinnigh an coimeádán dúnta go docht.<br><br>Seachain análú gala.<br><br>Nigh hands go maith tar éis láimhsithe. |

| |
|---|
| Caith lámhainní cosanta.<br><br>MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach.<br><br>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.<br><br>Glaoigh ar dochtúir má airíonn tú tinn.<br><br>Má mhaireann an greannú súl:Faigh comhairle leighis.<br><br>Stóráil in áit atá aeráilte go maith.Coinnigh fionnuar.<br><br>Stóráil faoi ghlas.<br><br>Diúscair ábhar chuig in accordance with local/national regulations.<br><br>Seachain análú sprae.<br><br>Caith súilchosaint. |

## 4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

### 4.1 Tuairisc úsáide

### ÚSÁID 1 - 3.1 Dromchlaí crua neamh-scagacha a dhíghalrú; Sprae Truiceartha, Leacht

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | - |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch:<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch:<br>Gnáthainm: Giosta<br>Céim na forbartha: - |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>Taobh istigh<br>Díghalrán atá le húsáid i seomraí glana i saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta, bithchógaisíochta, feistithe leighis agus táirgí diagnóiseacha chun dromchlaí, ábhair agus trealamh neamhbheo crua a dhíghalrú, ar dromchlaí iad nach n-úsáidtear iad chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an mbia nó le hábhair bheathaithe. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: Spraeáil ar dhromchlaí é leis an truicear<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |

| | |
|---|---|
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: Uasmhéid a spaeáiltear 35 ml/m²<br>Airí caolaithe: Réidh le húsáid<br>Airí uainithe:<br><br>Is féidir an táirge a úsáid cúpla uair sa lá, más gá.<br>Fan amach 15-20 cm ón spriocdhromchla agus an táirge á chur air agat. Fáisc é 40 uair/m².<br>Am na teagmhála: 2 nóiméad |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Tionsclaíoch |
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Truicear:<br>473 ml (16 oz.) - sprae truiceartha - 12/cás, steiriúil<br><br>946 ml (32 oz.) - sprae truiceartha - 12/cás, steiriúil<br><br>473 ml (16 oz.) - sprae truiceartha - 12/cás, neamhsteiriúil<br><br>946 ml (32 oz.) - sprae truiceartha - 12/cás, neamhsteiriúil<br><br>Tá na buidéil déanta as poileitiléin ard-dlús, tá an feadán tumhta déanta as polapróipiléin. Tá an caipín an bhuidéil déanta as polapróipiléin, tá an séala ionduchtaithe déanta as polapróipiléin. Soláthraítear na buidéil agus spraeire poileitiléin feistithe orthu roimh ré, é sin nó cuirtear iad ar fáil scartha chun go mbeidh an custaiméir in ann iad a fheistiú iad féin. Sa chás nach bhfuil truicear suiteáilte orthu, soláthraítear iad agus caipín scriú poileitiléine ar na buidéil. Cuirtear gach aon bhuidéal i dtrí mhála laistigh dá chéile, agus ansin cuirtear iad i mboscaí cairtchláir. Ní sholáthraítear an táirge do na húsáideoirí ach amháin i mboscaí atá séalaithe.<br><br>Buidéal agus mála istigh ann - Truicear:<br><br>500 ml (16 oz.) -Sprae truiceartha agus mála sa bhuidéal - 12/cás, steiriúil<br><br>1000 ml (32 oz.) -Sprae truiceartha agus mála sa bhuidéal - 12/cás, steiriúil<br><br>Tá na buidéil déanta as poileitiléin ard-dlús, soláthraítear iad agus spraeire poileitiléine feistithe orthu roimh ré. Tá an feadán tumhta déanta as poileitiléin. Tá an mála laistigh den bhuidéal déanta as Surlyn® (roisíní teirmeaplaisteacha). Cuirtear gach aon bhuidéal i dtrí mhála laistigh dá chéile, agus ansin cuirtear iad i mboscaí cairtchláir. Ní sholáthraítear an táirge do na húsáideoirí ach amháin i mboscaí atá séalaithe. |

### 4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Glan na dromchlaí agus déan iad a thriomú roimh iad a dhíghalrú. Dírigh an spraeire ar an dromchla ó achar 15- 20 cm. Déan cinnte

de go bhfuil an dromchla iomlán fliuch (fáisc é 40 uair/m²). Fan 2 nóiméad ar a laghad chun go mbeidh éifeacht ag na táirge. Tar éis an ama teagmhála riachtanaigh, lig don dromchla triomú san aer nó déan é a thriomú, más gá, ach é a chuimilt le héadach steirilithe nó le ceirtín. Ní féidir ach dromchlaí beaga a dhíghalrú. Ní mór éadach nó ceirtíní a bhfuil an táirge curtha orthu a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

### 4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Ba cheart go mbeadh tobair súilfholcadh práinneach agus cithfholcadáin sábháilteachta ar fáil i ngarchomharsanacht aon áit a d'fhéadfadh an neamhchosaint tarlú.

### 4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

### 4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

### 4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

## 4.2 Tuairisc úsáide

### ÚSÁID 2 - 3.2 Dromchlaí crua neamh-scagacha a dhíghalrú (urláir san áireamh); Chuimilt

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | - |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch:<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: -<br><br>Ainm eolaíoch:<br>Gnáthainm: Giosta<br>Céim na forbartha: - |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>Taobh istigh<br>Díghalrán atá le húsáid i seomraí glana i saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta, |

| | |
|---|---|
| | bithchógaisíochta, feistithe leighis agus táirgí diagnóiseacha chun dromchlaí, ábhair agus trealamh neamhbheo crua a dhíghalrú, ar dromchlaí iad nach n-úsáidtear iad chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an mbia nó le hábhair bheathaithe. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: Ceirtín/éadach steiriúil a fhliuchadh sula ndéantar an dromchla a chuimilt<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: Uasmhéid a spaeáiltear 35 ml/m²<br>Airí caolaithe: Réidh le húsáid<br>Airí uainithe:<br><br>Is féidir an táirge a úsáid cúpla uair sa lá, más gá.<br>Am na teagmhála: 2 nóiméad |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Tionsclaíoch |
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Buidéal infháiscthe:<br>473 ml (16 oz.) - infháiscthe, i mála aonair - 12/cás, steiriúil<br>473 ml (16 oz.) - infháiscthe bulc-ghrúpa in aon mhála mór amháin - 12/cás, steiriúil Ní chuirtear na buidéil bulc-phacáiste i málaí aonair.<br>Tá na buidéil déanta as an bpoileitiléin ísealdlúis<br>Druma nó buidéal:<br>18.9 L (druma 5 galún) - gach coimeádán i mála dúbailte - 1/cás, steiriúil<br>3.79 L (buidéal 1 galún) - gach coimeádán i mála dúbailte - 4/cás, steiriúil<br>3.79 L (buidéal 1 galún) - gach coimeádán i mála dúbailte - 4/cás, neamhsteiriúil |

### 4.2.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Glan na dromchlaí agus déan iad a thriomú roimh iad a dhíghalrú. Déan ceirtín/éadach steiriúil a fhliuchadh go maith leis an táirge, déan deimhin de go bhfuil na dromchlaí iomlán fliuch. Fan 2 nóiméad ar a laghad chun go mbeidh éifeacht ag na táirge. Tar éis an ama teagmhála riachtanaigh, lig don dromchla triomú san aer nó déan é a thriomú, más gá, ach é a chuimilt le héadach steirilithe nó le ceirtín. Ní féidir ach dromchlaí beaga a dhíghalrú. Ní mór éadach nó ceirtíní a bhfuil an táirge curtha orthu a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

### 4.2.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

| |
|---|
| Ba cheart go mbeadh tobair súilfholcadh práinneach agus cithfholcadáin sábháilteachta ar fáil i ngarchomharsanacht aon áit a d'fhéadfadh an neamhchosaint tarlú. |

### 4.2.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

| |
|---|
| Féach na treoracha úsáide ginearálta. |

### 4.2.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

| |
|---|
| Féach na treoracha úsáide ginearálta. |

### 4.2.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

| |
|---|
| Féach na treoracha úsáide ginearálta. |

#### 4.3 Tuairisc úsáide

#### ÚSÁID 3 - 3.3 Lámhainní seomra ghlain a dhíghalrú

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | - |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch:<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: -<br><br>Ainm eolaíoch:<br>Gnáthainm: Giosta<br>Céim na forbartha: - |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>Taobh istigh<br>Díghalrán atá le húsáid ar lámha a bhfuil lámhainní orthu i seomraí glana i saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta, bithchógaisíochta, feiste leighis agus táirgí diagnóiseacha. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: Braoiníní leachta a leithdháileadh ar lámhainní<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |

| | |
|---|---|
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: 1.5 ml in aghaidh na lámhainne<br>Airí caolaithe: Réidh le húsáid<br>Airí uainithe:<br><br>Is féidir an táirge a úsáid cúpla uair sa lá, más gá.<br><br>Am na teagmhála: 1 nóiméad, |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Tionsclaíoch |
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Buidéal 946 ml (32 oz.) - 12/cás, steiriúil<br>Buidéal 946 ml (32 oz.) - 12/cás, neamhsteiriúil<br>Tá an buidéal déanta as poileitiléin ísealdlúis |

### 4.3.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Ná húsáid an táirge ach amháin i seomraí glana atá aicmithe in aicme 1 go 9 de réir ISO 14644-1 nó atá aicmithe i ngrád A go D de réir aicmiú Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (DCD) an AE.
Coinnigh lámhainní ar na lámha agus iad faoin mbraiteoir sconna chun an leacht a ghabháil. Déan é a chuimilt go maith chun an leacht a dháileadh go cothrom agus déan dromchla na lámhainní a fhliuchadh leis an táirge. Ná bain é agus lig dó fanacht fliuch ar feadh 1 nóiméad, ar a laghad. Tar éis an ama teagmhála riachtanaigh, lig don dromchla triomú san aer nó déan é a thriomú, más gá, ach é a chuimilt le héadach steirilithe nó le ceirtín. Ní mór éadach nó ceirtíní a bhfuil an táirge curtha orthu a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.
Ná húsáid ar lámha neamh-chosanta é.

### 4.3.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

| |
|---|
| Ba cheart go mbeadh tobair súilfholcadh práinneach agus cithfholcadáin sábháilteachta ar fáil i ngarchomharsanacht aon áit a d'fhéadfadh an neamhchosaint tarlú.. |

### 4.3.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

| |
|---|
| Féach na treoracha úsáide ginearálta. |

### 4.3.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

| |
|---|
| Féach na treoracha úsáide ginearálta. |

### 4.3.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

| |
|---|
| Féach na treoracha úsáide ginearálta. |

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

### 5.1. Treoracha úsáide

| |
|---|
| Féach na treoracha sonracha úsáide. |

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

| |
|---|
| Bain úsáid as an aeráil leordhóthanach le ráta athraithe aeir 8 n-uaire in aghaidh na huaire, nó níos airde.<br>Ná cuir an táirge in aice na súl ná na haghaidhe é agus é á leathadh.<br><br>An lámhchosaint: Caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach i gcoinne ceimiceán.<br>An chosaint súl: Úsáid trealamh cosanta súl.<br><br>Seachain teagmháil leis na súile.<br>Ná hanálaigh an ghal.<br>Ná hith, ná hól, ná caith tobac agus an táirge in úsáid.<br>Nigh na lámha go maith tar éis láimhsithe. |

## 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Comharthaí/gortuithe tar éis ion-análaithe: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le fonn codlata nó meadhrán.
Comharthaí/gortuithe tar éis teagmhála leis an gcraiceann: D'fhéadfadh greannú, triomacht nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar theagmháil leis an gcraiceann arís agus arís eile agus/nó ar feadh tréimhse fada.
Comharthaí/gortuithe tar éis teagmhála leis na súile: Greannú tromchúiseach don tsúil.
Comharthaí/gortuithe tar éis ionghabhála: Is iad masmas agus urlachan mar thoradh ar ghreannú áitiúil na comharthaí a thuairiscítear i ndaoine, mar aon le héifeachtaí sistéamacha amhail an meisce, an chodlatacht agus uaireanta staid neamhaireachtálach agus leibhéal íseal siúcra fola (go háirithe i leanaí). Mar gheall ar an gcineál foirmlithe (ceirtíní, aerasóil agus spraeanna), is lú an seans go dtarlóidh na héifeachtaí sistéamacha sin.

Bearta garchabhrach ginearálta: Ná cuir aon rud riamh i mbéal dhuine atá neamhaireachtálach. Má bhraitheann tú tinn, faigh comhairle leighis (taispeáin an lipéad, más féidir).

I GCÁS INA N-ANÁLÓFAR AN GHAL: Cuir an duine amuigh faoin aer agus coinnigh ar a shuaimhneas é chun go mbeidh sé in ann análú go réidh éasca. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
MÁ TÁ SÉ AR AN GCRAICEANN: Sruthlaigh craiceann san uisce/nó faoi chith uisce. Bain gach píosa éadaigh atá éillithe láithreach bonn. Nigh go réidh iad le go leor gallúnaí agus uisce. Má thagann aon comharthaí tinnis ort, faigh cúnamh leighis.
I GCÁS INA MBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Sruthlaigh an béal. Tabhair rud éigin don duine le hól má tá sé aireachtálach.
Má tá comharthaí tinnis le feiceáil: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil. Mura bhfuil aon comharthaí tinnis ann: Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

## 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ní mór na coimeádáin fholmha a dhiúscairt mar ghnáthdhramhaíl nó iad a athchúrsáil, nuair is féidir.
Faisnéis bhreise: Déan na coimeádáin fholmha a láimhseáil go cúramach ós rud é go bhfuil na gail iarmharacha iontu inadhainte.

## 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Coinnigh in áit fhionnuar é, atá aeráilte go maith. Coinnigh amach é ó lasracha oscailte, ó dhromchlaí teo agus ó fhoinsí adhainte. Coinnigh i dteochtaí faoi bhun 40 °C.
Cosain ón sioc é.
Seilfré: 2 bhliain

# 6. FAISNÉIS EILE

Tá própán-2-ól (Uimhir CAS: 67-63-0) sa táirge. Aontaíodh agus úsáideadh luach tagartha Eorpach dar luach 129.28 mg/m³ don úsáideoir gairmiúil agus measúnú riosca a dhéanamh ar an táirge.